# Siomptóim COVID-19 do shuíomhanna Feighlíochta Leanaí

Coróinvíreas
**COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí

Leis an méadú reatha i gcásanna de COVID-19 chomh maith le hionfhabhtuithe eile mar RSV agus an fliú, ba cheart go mbeadh Feighlithe Leanaí aireach go háirithe faoi na siomptóim COVID-19 agus tinnis riospráide eile. Má thagann aon cheann de na siomptóim thíos ort, níor cheart duit an suíomh a fheidhmiú, beag beann ar thástáil dhiúltach COVID-19 go dtí go mbeidh tú saor ó ghéarshiomptóim ar feadh 48 uair an chloig fiú má tá na siomptóim éadrom.

## I measc na siomptóm is coitianta a bhaineann le COVID-19, tá:

- fiabhras (teocht ard 38 céim Celsius nó os a chionn)
- casacht thirim
- traochadh (tuirse)

## I measc na siomptóm nach bhfuil chomh coitianta sin, tá:

- caillteanas nó athrú bolaidh nó blaiste – d'fhéadfadh go gciallódh sé seo go bhfuil siad imithe go hiomlán nó díreach difriúil ó mar a bhíonn siad de ghnáth
- plúchadh sróine (srón ag sileadh nó srón phlúchta)
- toinníteas
- scornach thinn
- tinneas cinn
- pian sna matáin nó sna hailt (tinnis agus pianta)
- cineálacha éagsúla grís craicinn
- samhnas nó urlacan
- buinneach
- crithfhuacht nó meadhrán

B'fhéidir nach mbeadh na siomptóim seo go léir ort, agus d'fhéadfadh go mbeadh na siomptóim éagsúil le cineálacha éagsúla de COVID-19, d'fhéadfadh go dtógfadh sé suas le 14 lá sula bhfeictear siomptóim freisin.

Is féidir le siomptóim COVID-19 a bheith cosúil le siomptóim shlaghdáin, fliú nó fiabhras léana. Má tá amhras ort faoi aon siomptóim atá ort, cuir glao ar do dhochtúir ginearálta.

## Víreas Sincítiach Riospráide (RSV)

Is víreas riospráide séasúrach é RSV a mbíonn siomptóim beagnach comhionann le COVID-19 mar thoradh air. Tá leanaí óga san ospidéal faoi láthair de dheasca RSV. Níor chóir d'fheighlithe leanaí a bhfuil siomptóim orthu atá mar an gcéanna le siomptóim RSV a suíomhanna a fheidhmiú, beag beann ar thástáil dhiúltach COVID-19, go dtí go mbeidh na siomptóim imithe tar éis 48 uair an chloig, ar mhaithe le folláine na leanaí óga atá faoina gcúram.

**Is measc na siomptóm is coitianta a bhaineann le RSV, tá;** srón ag sileadh, casacht, sraothartach, fiabhras agus cársánach.

**An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth